



Ráiteas

Atógáil na hÉireann: Bealach nua le haghaidh iarratais pleanála a dhéanamh go díreach chuig an mBord Pleanála i gcás Forbairtí Ollmhóra Tithíochta.

I mí Iúil 2016, d'fhoilsigh an Rialtas Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus chun dul i ngleic leis an easpa dídine sa tír faoi láthair. Mar chuid den phlean faightear moltaí reachtaíocht shealadach a rith chun go n-éascófaí iarratais pleanála a dhéanamh go díreach chuig an mBord Pleanála i gcás forbairtí ollmhóra tithíochta agus chun dlús a chur leis na tograí tithíochta. Tá na moltaí nua bunaithe ar na nósanna imeachta atá leagtha síos cheana sa Bhord maidir le Forbairt Straitéiseach Bonneagair.

Cuireadh na Cinn Billí maidir le Forbairtí Tithíochta Straitéiseacha ar aghaidh go comh-aireacht an Rialtais ar an 27 Meán Fómhair, 2016 agus ritheadh reachtaíocht ina dhiaidh ar an 23 Mí na Nollag, 2016. Táthar ag súil go bhfoilseofar na Rialacháin ghaolmhara i lár 2017 agus go mbeidh an reachtaíocht nua i bhfeidhm ar feadh thréimhse thrí bliana go 2019 agus más gá gur féidir síneadh a chur leis go dtí 2021.

Faoin reachtaíocht nua is féidir iarratais a dhéanamh go díreach i gcásanna nuair atá sé beartaithe ar a laghad 100 teach nó 200 spás leaba i leith cóiríochta mac léinn a thógáil agus is féidir meascán d'úsáidí eile a bheith ar áireamh iontu ach faoi réir coinníollacha áirithe.

Caithfear na forbairtí seo a thógáil ar thailte arna chriosú d'aon toisc le haghaidh úsáide cónaithe, nó le haghaidh meascáin d'úsáidí cónaithe agus d'úsáidí eile (i

gcásanna ina mbeidh forálacha Cuid V i bhfeidhm) agus d'fhéadfaí iad a thógáil ar thailte i gCrios Forbartha Straitéisí.

I dteannta le comhairliúchán a dhéanamh leis an údarás pleanála ábhartha, ní mór don iarratasóir comhairliúcháin réamhiarratais a dhéanamh leis an mBord maidir le forbairtí tithíochta straitéiseacha sula ndéanfar an t-iarratas.

Faoi láthair tá An Bord Pleanála i mbun comhairle agus treoirlínte a ullmhú ar an ábhar chun cuidiú leis an reachtaíocht a chur i bhfeidhm go praiticiúil, agus críochnófar an próiseas seo tar éis fhoilsiú na Rialachán agus tar éis thosach feidhme na reachtaíochta.

Beidh tuilleadh eolais le fáil d'iarratasóirí agus do pháirtithe eile ar an suíomh <http://www.pleanala.ie> sna seachtainí amach romhainn.

Rinneadh athbhreithniú ar an Ráiteas 11 Bealtaine, 2017.